

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntaisí 2003

Health Research Board | An Bord Taighde Sláinte

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

ISSN: 0791 220X

© An Bord Taighde Sláinte 2005

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte

73 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2


Éire

t +353 1 676 1176

f +353 1 661 1856

r hrb@hrb.ie

j www.hrb.ie



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntaisí 2003

Health Research Board | An Bord Taighde Sláinte

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

Misean

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

Lean an Bord Taighde Sláinte ag baint toradh fóna as an obair i rith na bliana 2003 de réir na n-aidhmeanna a leagtar amach sa Straitéis Chorparáideach 2002-2006:

- Aimsiú agus cur i bhfeidhm an eolais ar mhaithe le buntáiste sláinte agus sóisialta, an borradh ar mhaoin intleachtúil agus ar fhianaise a bhaineann le buntáiste sláinte agus sóisialta agus teacht chun cinn chóras sláinte, eachnamaíochta agus shochaí bunaithe ar an eolas a chur chun cinn
- A bheith mar cheannródaí i measc eagraíochtaí náisiúnta maidir le tacú le taighde eolaíochta ar mhaithe le buntáiste sláinte agus sóisialta, ag tabhairt taighde bunúsach agus aistritheach, taighde ar sheirbhísí sláinte agus taighde ar shláinte an daonra agus taighde bunaithe ar chleachtas san áireamh
- Méadú ar acmhainn taighde agus forbartha breisluacha sa chóras sláinte a chur chun cinn i gcomhar le heagraíochtaí sláinte eile
- Tionchar a imirt ar pholasaithe sláinte agus sóisialta trí thaighde agus eolas den scoth
- A bheith ar an bpríomhaighne maidir le cur chun cinn na taighde ar mhaithe le buntáiste sláinte agus sóisialta
- An BTS a bheith ar an bhfostaitheoir is túisce a roghnófaí ina réimse féin

Clár

Comhaltaí an Bhoird 2003	4
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	7
Cistí agus Polasaí Taighde	9
Taighde agus Forbairt ar mhaithe leis an tSláinte	13
Taighde Eipidéimeolaíochta maidir le Sláinte Linbh	16
Bunachair Sonraí maidir le Míchumas	19
Taighde maidir le Mí-úsáid Drugaí	21
Taighde maidir le Sláinte Mheabhrach	25
Seirbhísí Corparáideacha	28
Ráiteas maidir le Cuntaisí	
▶ Ráitis Airgeadais	31
▶ Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Reatha	36
▶ Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitil	37
▶ Clár Comhardaithe	38
▶ Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	39
▶ Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais	40
Aguisín	
▶ Deontais a Dámhachtaineadh 2003	47

Comhaltaí an Bhoird 2003

An tOll Desmond Fitzgerald (Cathaoirleach)

(ó 25 Meitheamh 2003)

Leas-Uachtarán maidir le Taighde

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tOll Hugh Brady (Cathaoirleach) (go dtí 25

Meitheamh 2003) Uachtarán

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tOll Dermot Barnes-Holmes

Roinn na Siceolaíochta

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Leonie Clarke, Uasal

Bainisteoir Chúrsaí Eolaíochta agus Rialachais

Irish Pharmaceutical Healthcare Association

An tOll Tom Cotter

Roinn na Bithcheimice

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An tUas Niall Daly

McNulty Boylan & Partners, Aturnaetha, Corcaigh

An tUas Michael Griffith

Príomhfheidhmeannach

Fighting Blindness / Research Charities Group

An tOll William Hall

Ollamh le Micribitheolaíocht Leighis

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tUas Charlie Hardy Príomhoifigeach

An Roinn Sláinte agus Leanáí

An tOll Dermot Kelleher

Roinn an Leighis Chliniciúil

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Dr Kevin Kelleher

Stiúrthóir na Sláinte Poiblí

Bord Sláinte an Lár-Iarthair

An tOll Paul McLoughlin (ó 8 Meán Fómhair 2003)

Roinn Anatamaíochta an Duine agus na Fiseolaíochta

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tOll Tim O'Brien

Roinn an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An tOll Tony Pembroke

Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha &

Timpeallachta, Ollscoil Luimnigh

An tOll Anne Scott

Ceann Scoil an Altranais

Ollscoil Chathair Átha Cliath

An tOll Bob Stout

An Oifig Taighde agus Forbartha, Béal Feirste

An tUas John Travers (go dtí 7 Samhain 2003)

Cathaoirleach

An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Baincéirí, Aturnaetha agus Iniúcháirí

Baincéirí Banc na hÉireann
Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Aturnaetha Arthur Cox
Earlsfort Centre
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2



Ráiteas an Chathaoirligh

Ba onóir agus cúis áthais dom mo thoghadh i mo Chathaoirleach ar an mBord Taighde Sláinte i bhfómhar na bliana 2003. Is a bhuíochas don té a tháinig romham, Hugh Brady, a bhí ina Ollamh le Leigheas agus Teireapiútaic i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath gur ceapadh ina Uachtarán ar an gColáiste é ag tosú sa bhliain 2004, ar bhain an Bord amach i rith na bliana 2003 den chuid is mó. Is léir an ról lárnach a bhí aigesean san fhorbairt ar thaighde bhithmhíochaine in Éirinn, mar eolaí clinice, mar threoraí agus mar cheannródaí, ón tionchar a bhí aige ar athstruchtúró an BTS agus ón gcaoi ar bhrúigh sé an straitéis chorparáideach ar aghaidh.

Nuair a bhí athruithe móra ag teacht ar an earnáil i rith na bliana 2003, chuir an BTS réimse tionscnamh nua i bhfeidhm agus leanadh den tionscantaacht sna cláir lárnacha d'fhonn toradh fónta a bhaint amach.

- Roghnaíodh dhá institiúid acadúla d'fhonn a gcistiú mar ionaid oiliúna PhD. Cuideoidh na dámhachtainí sin le clár céime dochtúracha dea-struchtúrtha a thabhairt chun cinn a bheidh bunaithe timpeall ar mheitheal taighdeoirí ag obair ar théama i gcomhar. Cuirfidh an infheistíocht €2 milliún le linn tréimhse ceithre bliana feabhas ar chaighdeán agus ar éifeacht na hoiliúna ar 14 taighdeoir óg ag staid ríthábhachtach ina saol oibre.
- D'fháiltigh an Bord roimh an dámhachtain chaipitil de €4.5 milliún a chuidigh le maoiniú a thabhairt do roinnt glaonna iomaíocha le haghaidh trealamh taighde chun tacú le taighde aistriitheach agus péidiatraiceach agus dámhachtainí do chórais faisnéise sláinte le bheith mar bhonn taca do pholasáí sláinte agus do sheirbhísí sláinte.
- Rinneadh ullmhúchán suntasach maidir le deontais d'eolaithe clinice a thabharfaí isteach i rith na bliana 2004. Fágfaidh an scéim nuálach sin am agus acmhainní ar leithlí ag lucht clinice d'fhonn díriú ar thaighde.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach d'fhonn áisínteachtaí sláinte a spreagadh chun taighde ar mhaithe le haidhmeanna na straitéise náisiúnta sláinte *Quality and Fairness – A Health System for You* (2001) a bhaint amach. Dréachtaíodh moltaí maidir le deontais i leith taighde agus forbairt straitéiseach d'fhonn an scéim a fhógairt i rith na bliana 2004.
- Bhí sonraí agus torthaí suntasacha taighde ó na córais eolais náisiúnta maidir le sláinte, arna mbainistiú ag an BTS, mar bhonn le pleanáil agus dáileadh go náisiúnta ar sheirbhísí maidir le mí-úsáid drugaí, míchumas agus sláinte mheabhrach. Bhí an-tábhacht leis an bhfeabhas ar chaighdeán an eolais agus na hanailíse ó na bunachair sonraí sin ag cur bonn faoi bheartais i rith na bliana 2003. Tá fiúntas leanúnach na gcóras ardchaighdeán sin ag brath ar eolas ó oibrithe sláinte ar fud na tíre. Is den riachtanas é go leantar d'úsáid na ndeismireachtaí bailithe sonraí atá ann agus go dtreisítear iad trí athchóiriú ar an tseirbhís sláinte.

Chuidigh obair leanúnach leis an Oifig T&F i mBéal Feirste le taighde sláinte agus comhoibriú uile-Éireann. Chomh maith le páirt a ghlacadh san Ireland–Northern Ireland–National Cancer Institute Cancer Consortium i rith na bliana, rinneadh coimisiúnú chomh maith ar staidéar féidearthachta maidir le Leabharlann Géinte uile-Éireann a thabhairt chun cinn. Is í an aidhm a bheadh leis sin acmhainn a

chur ar fáil a chuideodh le taighde ar ghnéithe ghéineolaíochta a bhaineann le galair ar nós diaibéiteas, airtríteas, dúlagar agus ailse phróstatach.

D'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí *Making Knowledge Work for Health – A Strategy for Health Research* i mí na Samhna 2001. Féachtar sa straitéis sin le cultúr tréan taighde a chothú taobh istigh den chóras sláinte. Leagtar amach go soiléir ann bealach a dtabharfar faoi chur leis an acmhainn thaighde sláinte a threiseoidh an bonn atá faoi chaighdeán agus éifeacht sa chóras sláinte mar chuid de dhúthracht an Rialtais maidir le taighde i réimsí is leithne ná sin ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta san am atá romhainn.

Le linn na bliana 2003, d'fhéach an BTS lena chinntiú tríd an gclár oibre go gcuirfí an straitéis sin i gcrích i gcomhthéacs an athchóirithe agus athstruchtúir ar an tseirbhís sláinte. Ina dhiaidh sin féin, tá go leor d'aidhmeanna *Making Knowledge Work for Health*, ar glacadh leo sa Straitéis Náisiúnta Sláinte, nár baineadh amach go fóill.

Bhí deis shainiúil ann le linn athchóiriú earnáil na sláinte ar fad sa bhliain 2003 chun cultúr maidir le taighde a chothú ann ag staid rithábhachtach san éabhlóid. Leagadh tuilleadh béime air sin san Prospectus Report 2003 maidir le hiniúchadh ar na struchtúir agus na feidhmeanna éagsúla sa chóras sláinte, inar aithníodh an fheidhm bhunúsach atá le taighde sa chóras cúram sláinte:

- Ag foráil do chinntí stuama bunaithe ar bhonn daingean fianaise
- Ag cur fuinnimh faoi nósanna nua a thabhairt isteach in oibriú an tseirbhís sláinte
- Ag cuidiú le foireann de scoth na hinniúlachta a mhealladh agus a choimeád

Aithnítear an gá atá le hinfrastruchtúr daingean don taighde sa chóras sláinte tríd an gcistiú breise a dhéanann áisínteachtaí stáit eile agus eagraíochtaí carthanachta ar chúrsaí taighde. Lean an BTS ag déanamh ceangail idir a chuid oibre féin agus bearta eagrais chistithe eile d'fhonn an tionchar is fearr ar bhaint amach na n-aidhmeanna. Ba gné fhiorthábhachtach ansin an pháirt a glacadh sa Merrion Group a bhí faoi chathaoirleacht Phríomhfheidhmeannach an BTS ar dtús. Bhí siad seo a leanas i measc na dtorthaí tábhachtacha ar obair an ghrúpa sin:

- Cur chuige amháin maidir le maoin intleachtúil a eascraíonn ón taighde ar tugadh airgead ina leith
- Leabharchruth ar na nósanna imeachta maidir le hiarratais agus dámhachtainí
- Aontú ar shlata tomhais maidir le cruthú san obair
- Feabhas ar chomhordú idir obair na n-áisínteachtaí éagsúla

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann an BTS as a ndíogras, a ndúthracht agus a dteacht le príonsabail ghairmiúlachta, críochnúlachta agus éifeachta, cultúr ar léir é a bheith ar fud na heagraíochta.

Ní mór obair mo chuid comhghleacaithe ar an mBord a thraoslú leo chomh maith. Tá siad ag freastal ar obair fho-choistí go leor de réir mar a tháinig méadú ar obair an BTS agus ar an ngá le breis soiléire ina dhéanamh. Is mór agam a gcuid saineolais, a gcuid comhairle agus a gcuid díocais maidir lenár ndícheall straitéis an BTS a thabhairt i gcrích agus aidhmeanna *Making Knowledge Work for Health – A Strategy for Health Research* a bhaint amach.



An tOllamh Desmond Fitzgerald MD MRCPI
Cathaoirleach an Bhoird



Tuirisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba soiléiríú iad na hathruithe móra ar na seirbhísí sláinte a beartaíodh sa bhliain 2003 ar a riachtanaí agus a bhí sé go gcuirfeadh an BTS borradh faoin gclár oibre maidir le taighde sláinte arís go tréan agus le haisling léargais. Ba díol dóchais é an t-aitheantas a tugadh don tábhacht atá le taighde sláinte, agus le ról an BTS ag tacú leis an taighde sin, sa *Prospectus Report*. Is léir chomh maith go dtiocfaidh ról an Health Information and Quality Authority atá beartaithe go maith le ról an BTS agus beidh neart deiseanna comhoibríthe ann ar mhaithe le heolas níos fearr maidir le sláinte a chur le chéile nuair a bheidh an t-údarás nua curtha ar bun.

Ainneoin na tuairime aontaithe sin, níor tugadh tús áite do na deiseanna a d'fhág an t-athchóiriú ar an tseirbhís sláinte do chur i bhfeidhm ar gealladh sa straitéis taighde *Making Knowledge Work for Health*. Is é tuairim an BTS go gcaithfidh sin tarlú má táthar le haidhmeanna na Straitéise Corparáidí – cruthú agus cur i bhfeidhm eolais ar mhaithe le sláinte agus méadú ar an acmhainn taighde agus forbartha a spreagadh – a bhaint amach. Ba ábhar díomá a laghad dul chun cinn a rinneadh ar chur i bhfeidhm na ngeallúintí tábhachtacha sin i rith na bliana 2003.

Go dtí seo, níor glacadh leis an deis a thug an clár athchóirithe sláinte Stiúrthóir T&F Sláinte a cheapadh sa Roinn Sláinte agus Leanaí ná an Fóram Taighde Sláinte a bhunú faoi mar a ghealltar in *Making Knowledge Work for Health*. Rinne an BTS aighneachtaí mar gheall ar an gclár athchóirithe sláinte agus seastar i gcónaí leis na haighneachtaí sin, agus le cur i bhfeidhm Threoir Trialacha Cliniúla an AE, trínar léiríodh an phráinn atá le Stiúrthóir a cheapadh a dhéanfaidh ceannródaíocht go náisiúnta maidir leis an gclár oibre i gcúrsaí taighde agus forbartha ar mhaithe le sláinte.

Is díol dóchais é gur cheapadh iarchathaoirleach agus comhalta reatha de bhord an BTS ar bhord an Health Services Executive (HSE). Beidh sé ríthábhachtach go nglacann an HSE an cúram air féin maidir leis na tiomantais taighde agus forbartha a bhaineann leis na boird sláinte, mar a leagadh amach in *Making Knowledge Work for Health*, a bhfuil ceapadh oifigigh T&F agus ullmhú straitéisí taighde sláinte ina measc, a chur i bhfeidhm.

I comhthéacs athruithe agus dúshlán mhóra, rinne an BTS dul chun cinn suntasach i roinnt réimsí. Luaitear chuid mhór acu sin i ráiteas an Chathaoirligh.

Bhí béim ar cheapadh eolaithe cliniúla ag an BTS le roinnt blianta. Rinne an BTS plé leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis na heagraíochtaí ionadaíochta in earnáil an leighis i rith na bliana 2003 d'fhonn aontú a fháil uathu maidir le hathruithe ar an gconradh comhairleoireachta acadúil a réiteodh an bealach do chruthú postanna mar eolaithe clinice. Thug an BTS an cheist ar aghaidh chomh fada agus ab fhéidir agus tá súil go dtosófar ar idirbheartaíocht fhoirmeálta sa bhliain 2004 idir lucht bainistíochta i gcúrsaí sláinte agus na heagraíochtaí in earnáil an leighis maidir le leasuithe ar an gconradh comhairleoireachta a réiteoidh an bealach do na ceapacháin thábhachtacha seo.

Bhí chúis áthais don BTS é *A Picture of Health*, ina dtugtar achoimre áisiúil ar an taighde a ndearna an BTS cistiú air i rith na bliana 2002, a fhoilsíú.

Ba ceann de bhuaicphointí na bliana é an t-athnuachan ar chonradh suntasach taighde a bhfuil baint ag an BTS leis ar chúiseolaíocht lochtanna sna feadáin néaracha arb é an National Institutes of Health sna Stáit Aontaithe a bhronnann é.

Tháinig forás ar ról an Rannóg Taighde agus Forbairt maidir le Sláinte i rith na bliana 2003. Ba phointe suntasach é foilsíú na tuarascála a choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil dar teideal *Health and Environmental Effects of Landfilling and Incineration of Waste*. Bhí páirt thábhachtach ag an Rannóg chomh maith ag tacú leis an tionscnamh maidir le trialacha cliniciúla aise ar fud an oileáin thar ceann an Ireland–Northern Ireland–National Cancer Institute Cancer Consortium.

Cuireadh feabhas suntasach ar na bunachair shonraí atá faoi bhainistíocht an BTS, go háirithe an Córas Tuariscíochta Náisiúnta maidir le Othair Chónaitheacha Shiciatracha agus an National Drug Treatment Reporting System. Baineadh leas den chéad uair as teicneolaíocht bunaithe ar an ngréasán domhanda d'fhonn tacú le Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Fisiciúil agus Céadfaíoch a thabhairt chun cinn. Bhí méadú ar líon na gcliant a bhain úsáid as acmhainní an National Documentation Centre on Drug Use i rith na bliana 2003.

Caitheadh díogras chomh maith le feabhas a chur ar phróisis inmheánacha an BTS d'fhonn cur lena n-éifeacht agus d'fhonn an aidhm, a luaitear sa Straitéis Chorparáideach, an BTS a bheith ar an gcéad rogha d'fhostóirí sa réimse a bhaint amach. Tugadh isteach córas iniúchta inmheánach agus cuireadh bonn foirmeálta faoin mbainistíocht ar bhaol. Cuireadh tús le clár cuimsitheach maidir le forás i gcúrsaí acmhainní daonna. Mar chuid de sin, tugadh isteach córas bainistíochta maidir le cruthú san obair. Neartaíodh an tuiscint ar an BTS sna meáin de thoradh ar chur chuige níos géire maidir le tábhacht an taighde sláinte agus ról an BTS a chur in iúl.

Is gné thábhachtach den obair d'fhonn cinntiú go mbaintear amach aidhm chorparáideach an BTS go mbeadh sé mar cheannródaí i measc eagraíochtaí náisiúnta maidir le tacú le taighde eolaíochta ar mhaithe leis an tsláinte é cur chun cinn na taighde sláinte agus ról an BTS sa chóras náisiúnta eolaíochta, teicneolaíochta agus tionscantachta ar fud oileán na hÉireann agus i gcomhar le páirtneírí idirnáisiúnta. Cothaíodh caidreamh oibre den scoth le heagrais eile a dhéanann airgeadú ar thaighde agus leanadh den rannpháirtíocht in eagrais uile-oileáin, idir-áisiúntachta, eadar-ranna agus in eagrais de chuid an AE d'fhonn an clár oibre náisiúnta maidir le taighde, agus páirt na taighde sláinte i gcur i gcrích an chlár oibre sin, a thabhairt chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Ollamh Hugh Brady as an gcinnireacht eiseamláireach a rinne sé ar an BTS i rith 2002/3 agus as a ndearna sé mar chomhalta den Bhord ó 1997 i leith. Guímid gach rath air ina ról nua mar Uachtarán ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Ollamh Desmond Fitzgerald as a chuid treorach agus a chuid cúnaimh, mar chomhalta den Bhord agus mar Chathaoirleach i rith an dara leath den bhliain.

Ba díol suntasach é obair dhíograsach na foirne agus is léir a gcuid dúthrachta ar a bhfuil bainte amach mar a thuairiscítear anseo. Is mór agam a gcuid tionscantachta seasta agus a gcuid díocais chun aidhmeanna corparáideacha an BTS a bhaint amach agus seirbhís den scoth a chur ar fáil do gach duine a bhfuil geall acu san obair.



Ruth Barrington PhD

Príomhfeidhmeannach

Cistiú agus Polasaí Taighde

Ba bhliain den rath í ag Cistí agus Polasaí Taighde ag cur roinnt rudaí i gcrích agus ag ullmhú do roinnt tionscnamh nua, ina measc:

- Próiseáil ar 788 iarratas ar chiste agus dámhachtain 196 ciste
- Scéim dámhachtana do imscrúdaitheoirí cliniciúla a thabhairt chun cinn.
- Foilsiú *A Picture of Health*, foilseachán ina dtugtar achoimre i dtéarmaí simplí ar phríomhthorthaí thograí áirithe taighde sláinte ar thug an BTS airgead ina leith
- Athbheithniú agus leathnú ar an gcóras iarratais ar an idirlíon don chuid is mó de na cláir chistí

Cistí taighde

Bhronn an BTS 196 ciste tar éis 788 iarratas ar chiste a fháil mar chuid den obair 'eolaíocht ar mhaithe le sláinte'. Bronnadh 86 ciste taighde in iomláine ar fud 12 de scéimeanna; bronnadh 110 ciste eile trí scéim na mac léinn samhraidh agus ceardlanna maidir le scríbhneoireacht eolaíochta. Bhain 23 coiste agus níos mó ná 600 moltóir idirnáisiúnta le meas na n-iarratas. Isteach is amach le €12 milliún luach iomlán na gcistí a bronnadh.

Bhain deontais do thograí, do chláir, do chomhaltachtaí agus do cheardlanna leis na cistí. Bhí taighde bunúsach agus aistritheach, taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde ar shláinte an daonra agus taighde bunaithe ar chleachtas i measc na réimsí ar bhain na cistí leo. Nuair a bhaintear na ceardlanna maidir le scríbhneoireacht eolaíochta agus an scéim mac léinn samhraidh as an áireamh, rinneadh 512 iarratas ar dheontas taighde agus bronnadh 86 deontas. Fágann sin gur éirigh le 17 faoin gcéad de na hiarratais ar fud na scéimeanna cistí ar fad rud a léiríonn gur bhain coimhlint an-ghéar leis an mbliain seo. Tugtar liosta cuimsitheach de na deontais san Aguisín.

Aimsíodh suim €3.5 milliún mar chiste do dheontais maidir le hinfrastruchtúr agus trealamh don taighde sláinte; fuarthas 62 iarratas agus bronnadh 23 deontas. Eagraíodh an ghairm iarratas sin i gcomhar le Taighde agus Forbairt ar mhaithe leis an tSláinte.

Chomh maith le cistí a bronnadh trí na scéimeanna comhaltachta a bhí ann cheana féin, bronnadh trí chomhaltacht trí scéim nua atá dírithe ar lucht gairme atá ag obair i réimse an phríomhchúraim. Táthar ag súil go gcuirfidh an taighde bonn faoin straitéis príomhchúraim a sheol an rialtas sa bhliain 2001.

Eagraíodh sraith ceardlann i scríbhneoireacht eolaíochta i gcomhar leis an British Council. Féachtar leo sin cuidiú le taighdeoirí atá i dtús a ré gairme feabhas a chur ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta. Díritear sna ceardlanna ar chur in iúl éifeachtach ar thorthaí na taighde, áit a bhfuil easpa mór san oiliúint taighde faoi láthair. Ó tharla tuairimí an-mholtacha ar na foirmeacha meastúcháin, eagrófar na ceardlanna arís i rith na bliana 2004.

Leanadh den obair ar fhorbairt chomhaltachtaí imscrúdaitheora cliniciúil do dhochtúir leighis i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Bhí roinnt cruinnithe tábhachtacha ann le heagraíochtaí in earnáil an leighis ag lorg tacaíochta do na comhaltachtaí.

Iarratais ar an Idirlíon

Lean an rannóg ag tabhairt córais TE chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar éifeacht na bpróiseas agus cuidiú leis an bhfeidhm mheastóireachta atá ag teacht chun cinn. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras eDheontais, leathnaíodh an córas iarratais idirlín ionas go ndéantar iarratais faoi na scéimeanna ar fad (ach amháin comhaltachtaí altranais agus cnáimhseachais) ar an idirlíon.


Cuireadh feabhas ar bhunachar sonraí na ndeontas d'fhonn gur féidir eolas a tharraingt anuas go dtí an bunachar sonraí as na hiarratais ar an idirlíon. Rinne an rannóg athruithe, i gcomhar leis an bhfoireann airgeadais, d'fhonn cruinneas an eolais sa bhunachar sonraí a chinntiú maidir le híoc na ndeontas.

Meastóireacht

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le feidhm na meastóireachta ar an obair taighde a thabhairt chun cinn. Den chéad uair riamh, foilsíodh rogha den saothar taighde a ndearna an BTS airgeadú air. Cnuasaíodh torthaí na dtograí taighde agus na gcomhaltachtaí ar thug an BTS ciste ina leith agus a tugadh chun críche sa bhliain 2002 in *A Picture of Health – A selection of Irish Health Research* ar bhealach atá intuigthe ag an ngnáthléitheoir. Tharraing an tuairisc go leor airde agus foilseofar a leithéid gach bliain as seo amach.

Tosaíodh ar iniúchadh cuimsitheach ar an scéim dheontais maidir le tograí ginearálta d'fhonn cinntiú go raibh sé ag teacht leis na haidhmeanna. Tá súil lena thabhairt chun críche i rith na bliana 2004 agus is i bhfianaise a moltar dá bharr a chuirfear atheagar ar an scéim agus ar na coistí a bhaineann leis sa bhliain 2004.

Rinneadh athbhreithniú ar an Aonad Feabhsú Sláinte agus Stádas Sláinte i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Ciath agus ceadaíodh ciste don bhliain deireanach den chlár.



Méadú acmhainne

Mar chuid den ról atá aige ag tacú de réir straitéise le taighde sláinte a thabhairt chun cinn in Éirinn, bhí ionadaíocht ag an rannóg ar na grúpaí oibre agus na coistí athbhreithnithe seo a leanas:

- Tascfhórsa Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil maidir le nanaitheicneolaíocht agus grúpaí oibre ‘Limistéar Taighde Eorpach 3 faoin gcéad’ a bhunaigh Forfás (Airgeadú Poiblí agus Coinníollacha Crea)ta
- Comhairle Taighde Leighis na hEorpa (CTLE) Buanchoiste de chuid Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa
- Buanchoiste Áisínteachtaí Airgeadaithe Taighde
- Grúpa ad hoc Thionscantóirí Taighde Altranais na hEorpa

Lean Cistí agus Polasáí Taighde ag oibriú le háisínteachtaí airgeadaithe eile d’fhonn teacht ar chur chuige leanúnach maidir le maoin intleachtúil ó chúrsaí taighde a dhéantar le hairgead poiblí. Cuireadh na hathruithe polasáí i bhfeidhm mar chuid de na Rialacháin maidir le Deontais BTS. Bhí áthas ar an rannóg páirt a ghlacadh chomh maith sa choiste athbhreithniú straitéise maidir le hiarratais Ionaid Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (I-EIT) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i réimse na bith-theicneolaíochta.

Lean na deiseanna gréasáin thaighde Eorpacha agus Éireannacha a chothú le ballraíocht agus obair iontu seo a leanas:

- Buanchoiste CTLE Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa
- Irish Evaluation Network
- Irish Society of Clinical Research Professionals
- Irish Internet Association

Chuidigh an rannóg chomh maith le roinnt imeachtaí den rath:

- Ba í Aileen Byrne, mac léinn eolaíochta i mbliain na céime i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a bhuaigh bonn Watts sa bhliain 2003, maidir lena togra, ‘Effects of the vascular endothelial growth factor family and endostatin on blood retinal barrier function’.
- Thug an Dr Leonie Young, Léachtóir le Máinliacht i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath an 43ú Léacht Graves. Ba é ‘Transcriptional Regulation in Human Breast Cancer’ teideal na léachta ag an Dr Young. Bronnadh Bonn Graves don bhliain 2003 ar an Dr Young tar éis na léachta.
- Féachann Gradaim Dochtúirí JMS le mórbhearta sa taighde chlinice a chomóradh; b’ábhar dóchais ar leith é gur gnóthaíodh roinnt gradam de bharr taighde ar chuir an BTS airgead ar fáil ina leith.

Scéim Dheontais	Iarratais	Deontais
Scéimeanna Cúnta maidir le Ré Gairme		
Comhaltachtaí Iardhochtúireachta	31	3
Comhaltachtaí Oiliúna sa Taighde Clinice	38	3
Comhaltachtaí Taighde sna Seirbhísí Sláinte	21	3
Comhaltachtaí Taighde Clinice san Altranas agus sa Chnámhseachas	17	4
Comhaltachtaí Taighde sa Phríomhchúram	15	3
Deontais do Thionscnaimh		
Deontais do Thionscnaimh – Ginearálta	259	33
Deontais do Thionscnaimh – Comhoibriú Thuaidh/Theas	20	4
Deontais do Thionscnaimh – Idirdhisciplíneach	24	2
Deontais do Thionscnaimh – Comhairgeadaithe maidir le Taighde sna Seirbhísí Sláinte	9	3
Úsáid Fola / Heipeitíteas C		
Deontais Chláir	2	2
Deontais do Thionscnaimh	14	3
Caipiteal / Trealamh		
	40	17
IOMLÁN (deontais thaighde)	512	86
Cúnamh eile		
Mic Léinn Samhraidh	106	30
Ceardlanna Scríbhneoireacht Eolaíochta an BTS / British Council	170	80 (ionad ceardlainne)
IOMLÁN (gach cineál deontais)	788	196

Taighde agus Forbairt ar Mhaithe leis an tSláinte

Tá dul chun cinn suntasach déanta in imeacht bliana ó bunaíodh an rannóg seo ag cothú cultúr tréan T&F sna seirbhísí sláinte. Rinneadh dul chun cinn sna príomhréimsí a leanas chomh maith le réimsí eile:


- Cur chun cinn T&F ar mhaithe leis an tsláinte in áisínreachtaí sláinte agus sa Roinn Sláinte agus Leanaí
- Gradam nua infrastructúir a thabhairt isteach
- Aighneacht i gcomhar le heagrais charthanachta i réimse an taighde sláinte ag iarraidh airgeadú de chuid an chrannchuir náisiúnta d'fhonn cuidiú le taighde sláinte
- Comhordú leanúnach ar an teacht atá in aisce ar Leabharlann Cochrane ar fud na tíre
- Páirt ghníomhach san Ireland–Northern Ireland–National Cancer Institute (NCI) Cancer Consortium

T&F ar mhaithe leis an tSláinte

Bhí cothú chultúr tréan T&F agus feidhmiúchán dá réir laistigh de na seirbhísí sláinte mar dhlúthchuid den straitéis náisiúnta sláinte, *Making Knowledge Work for Health*. Leagadh béim sa straitéis ar a oiread agus a chuirfeadh T&F le polasaithe agus bearta sláinte den éifeacht agus den ardchaighdeán. I rith na bliana 2002, baineadh sin amach trí chur chun cinn T&F ag leibhéal na n-áisínreachtaí sláinte agus na roinne, trí thionscnaimh ar mhaithe le breis acmhainne, trí obair pháirtnéireachta le háisínreachtaí sláinte eile agus trí chistí taighde agus comhairle polasaí a chur ar fáil.

Rinne an BTS cumarsáid rialta le príomhfheidhmeannaigh na mbord sláinte agus le háisínreachtaí sláinte eile d'fhonn a áitiú go gceapfaí Oifigigh T&F a chuideodh le borradh ar T&F ar mhaithe le sláinte sna réigiúin. Thángthas ar aontú go náisiúnta maidir le cineál agus sonraíocht na bpostanna sin agus aimsíodh cistí maidir leo; ina dhiaidh sin féin, níor tharla aon cheapachán sna postanna sin i rith na bliana 2003.

Rinneadh iarrachtaí leanúnacha ceapachán Stiúrthóir T&F sa Roinn Sláinte agus Leanaí a bhrúfadh clár oibre taighde sláinte chun cinn ag an leibhéal náisiúnta a thabhairt chun cinn ag teacht leis an ngá lena leithéid a sonraíodh sa straitéis náisiúnta taighde sláinte.



Polasáí agus treoir taighde

I measc na rólanna tábhachtacha sa réimse seo, bhí siad seo a leanas:

- Comhordú ar pháipéar maidir le taighde ailse a chur faoi bhráid an Fhóiraim Náisiúnta Ailse maidir leis an Straitéis Náisiúnta Ailse atá le foilsiú go gairid. Ullmhaíodh an páipéar i gcomhairle le comhaltaí eile de ghrúpaí oibre an Ireland–Northern Ireland–NCI Cancer Consortium.
- Aighneacht a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an toradh a d'fhéadfadh a bheith ag Treoir an AE maidir le Trialacha Clinice i gcúrsaí taighde faoi stiúir imscrúdaitheora ar fud oileán na hÉireann. Ullmhaíodh an aighneacht tar éis plé a dhéanamh le taighdeoirí ar fud an oileáin, ag baint leasa as taithí an BTS maidir le ciste a chur ar fáil don Ghrúpa Comhair Uile-Éireann maidir le Trialacha Clinice i gcúrsaí Ailse.

Taighde arna choimisiúnú

Tá cúram ar T&F ar mhaithe le Sláinte coimisiúnú a dhéanamh ar thaighde mar gheall ar cheisteanna sláinte thar ceann áisinteachtaí eile. Bhí siad seo a leanas i measc na mbeart sa réimse seo i rith na bliana 2003:

- *Health and Environmental Effects of Landfilling and Incineration of Waste – A Literature Review*, arna choimisiúnú ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Seoladh an tuarascáil sin i rith na bliana agus féachtar ann le heolas a chur ar fáil don díospóireacht ag lucht beartais ar an gceist chonspóideach is ábhar di.
- Tús oibre maidir le coimisiúnú thuarascáil ar Phríomhréimsí an Taighde Altranais, a gcuirfidh an Chomhairle maidir le Forás Gairmiúil san Altranais agus sa Chnámhseachas.

Leabharlann Cochrane

Lean T&F ar mhaithe le Sláinte ag cur chun cinn aistriú ón taighde go fianaise ar mhaithe le déanamh chinntí, trí chomhordú ar theacht in aisce ar fud na tíre ar Leabharlann Cochrane de léirmheasanna eagraithe, i gcomhar leis an R&D Office i mBéal Feirste. Bhí na bearta seo a leanas i measc na mbeart sa réimse sin i rith na bliana 2003:

- Chomh maith le deis a thabhairt an bunachar sonraí a úsáid in aisce, d'eagraigh an BTS sraith de chúrsaí oiliúna maidir le 'léirmheasanna eagraithe', 'scríobh prótacail' agus 'meitea-anailís' i gcomhar leis an Oifig T&F i mBéal Feirste. Féachadh sna cúrsaí oiliúna sin le cur le cumas na rannpháirtithe úsáid a bhaint as an Leabharlann agus léirmheasanna eagraithe a dhéanamh. Bhí an-rath ar na cúrsaí agus tharraing siad rannpháirtithe ó shainréimsí éagsúla sláinte in Éirinn.
- Bronnadh ceithre cinn eile de Chomhaltachtaí Cochrane i rith na bliana 2003 d'fhonn tréimhse ar leith a thabhairt do Chomhaltáí léirmheas eagraithe a dhéanamh d'fhonn a chur isteach chuig Leabharlann Cochrane.

Deontais infrastruchtúir

Tugadh isteach scéim nua maidir le hinfheistíocht chaipitil in infrastruchtúr d'fhonn cuidiú le córais eolais taighde a bhaineann leis na seirbhísí sláinte. Fuarthas 21 iarratas in iomláine agus bronnadh sé cinn de dheontais dar luach €1.2m.

Caidreamh agus méadú ar chumas

Ós coincheap nua é T&F sna seirbhísí sláinte in Éirinn, tá leas thar na bearta as an deis cur leis an gcumas chuige taobh istigh den chóras agus as an deis caidreamh nua a nascadh ar fud na tíre agus thar lear.

Thapaigh T&F ar mhaithe leis an tSláinte an deis seo ar roinnt bealaí, sa cheangal leis an Ireland–Northern Ireland–NCI Cancer Consortium go háirithe. Bhí siad seo a leanas i measc na mbearta ba tábhachtaí:

- Bronnadh deontas pleanála €1 milliún in imeacht dhá bhliain don All-Ireland Cooperative Group for Cancer Clinical Trials (ar nascadh é idir an Irish Clinical Oncology Research Group i mBaile Átha Cliath agus an Clinical Research and Support Centre imBéal Feirste). Treiseoidh an Grúpa nua seo an líonra atá cheana féin ann de naoi n-ospidéal a fhaigheann ciste ón BTS agus na hospidéid a fhaigheann ciste ón Oifig T&F i mBéal Feirste, d'fhonn cuidiú leo a n-aidhm a bhaint amach maidir le méadú ar an acmhainn tástálacha clinice aille a dhéanamh de réir a thábhachtaí agus atá tástálacha éagsúla ar fud an oileáin. D'fhostaigh an BTS agus an Oifig T&F i gcomhar comhairleoir a d'oibreodh leis an nGrúpa d'fhonn na haidhmeanna i rith thréimhse na pleanála a bhaint amach.
- Bhronn an BTS an dara Comhaltacht Eipidéimeolaíochta Aille maidir le comhaltacht trí bliana san NCI (SAM).
- D'fhreastail dhá rannpháirtí is fiche a raibh urraíocht ón BTS acu ar an (NCI) Summer Curriculum in Cancer Prevention.
- D'fhreastail beirt altra ar chlár sé seachtaine maidir le tástálacha clinice aille ag an NCI i mí Deireadh Fómhair.
- D'eagraigh Grúpa Oibre Seachanta de chuid an Consortium ceardlann ag díriú ar éirí as caitheamh tobac a raibh malartú eolais idir na rannpháirtithe agus sraith de mholtaí maidir le taighde ar an ábhar sin de thoradh air. Ba é an chéad cheann de shraith ceardlann é.
- D'eagraigh an Cancer Consortium comhdháil shuntasach i gCorcaigh i mí Deireadh Fómhair ag a raibh cainteoirí clúiteacha as Éirinn agus ón iasacht maidir le hábhair i réimse leathan, idir seachaint, dul chun cinn sa teiripiútaic, marthanas agus caighdeán maireachtála.

Rinne an rannóg ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar chlár Eorpach píolótach 'European and Developing Countries Clinical Trials Partnership (EDCTP)' a tionscnaíodh i ndeireadh na bliana 2003. Féachadh leis an togra píolótach deifriú leis an dul chun cinn ar bhearta clinice nua ag cur in aghaidh VEID/SEIF, maláire agus eitinn i dtíortha atá i mbéal forbartha. Rinne BTS, i gcomhar le Comhoibriú Forbartha Éireann, nascadh idir an tionscnamh sin agus Clár Náisiúnta Cistithe na hÉireann i réimse na dtrí ghalar sin.

Caomhnaíodh an dlúthchaidreamh leis an Association of Research Charities agus cuireadh aighneacht i gcomhar faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanáí d'fhonn airgead de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a aimsiú chun cuidiú le taighde sláinte. Cuirfidh an rannóg cúnamh i réimse bhainistíocht taighde ar fáil d'eagraíochtaí carthanachta nuair a aimsítear an t-airgead.

Seo a leanas samplaí eile de thionscnaimh de chuid na Rannóige T&F i rith na bliana 2003 d'fhonn cur leis an acmhainn taighde:

- Ceardlann dhá lá maidir le Prionsabail na hÉitice Taighde arna chur ar fáil ag an Centre for Professional Ethics ag Keele University sa Ríocht Aontaithe
- Comhairleadú d'fhoireann ón Institute of Public Health in Ireland agus Best Health for Children d'fhonn léirbhreithniú a dhéanamh ar phara-fhéinmharú, ceann de shraith léirbhreithnithe sláinte a cuireadh i gcrích faoin UK and Ireland Public Health Evidence Group. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann sin chomh maith maidir le léirbhreithnithe eagraithe a dhéanamh.

Taighde Eipidéimeolaíochta maidir le Sláinte Linbh

Ba bliain ghnóthach, dúshlánach a bhí inti ag an rannóg seo a dhírigh ar na cláir thaighde a bhí ann cheana féin maidir le cúiseolaíocht agus cosc ar lochtanna sna feadáin néaracha, an bearna mhíl agus anchuma eile ó bhroinn. I measc na mbearta ba suntasaí, bhí siad seo a leanas:

- Ardmharcanna a fháil ó léirmheastóirí dá gcomhleithéidí agus US\$4.3 milliún a aimsiú d'fhonn leanacht den chlár taighde i gcomhar maidir le hanchuma ó bhroinn agus antorthaí toirchis eile agus d'fhonn leathnú ar an gclár
- Na spriocanna earcaíochta agus rannpháirtíochta maidir le péire de na cláir thaighde a sháru

Dul chun cinn le cláir thaighde

Leanadh den taighde, ar chúiseolaíocht agus ar sheachaint lochtanna sna feadáin néaracha (LFN), an bearna mhíl agus anchuma eile ó bhroinn, i gcomhar leis an National Institute of Child Health and Human Development (NICHD) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá ciste á chur ar fáil don staidéar sin ag an NICHD, ceann de na National Institutes of Health i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tugadh an t-earcú ar fad maidir le LFN agus an caidreamh dá éis leis na teaghlach rannphárteacha chun críche faoi mhí na Nollag. Sáraíodh an sprioc earcaíochta de 100 teaghlach de 10 faoin gcéad, le 62 teaghlach in Éirinn, 22 i dTuaisceart Éireann agus 26 i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Ó cuireadh tús leis an togra seo sa bhliain 1992, earcaíodh 552 teaghlach as Éirinn in iomláine, 134 as Tuaisceart Éireann agus 395 as Sasana agus an Bhreatain Bheag.

Leanadh den earcú ar dhaoine a fhulaingíonn ó bhearna mhíl trí chlinicí bearna mhíl a heagraítear ag Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Croimlinn, Baile Átha Cliath, Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath, Ospidéal Naomh Séamas, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Ginearálata Shligigh. Bhí sprioc earcaíochta de 200 teaghlach socraithe don bhliain 2003 agus rinneadh earcaíocht go sásúil ar 282 teaghlach.

Lean an fhoireann taighde den chaidreamh leis an Cleft Lip and Palate Association of Ireland (CLAPAI). Faoi dheireadh na bliana 2003, bhí 173 teaghlach in iomláine ar trí CLAPAI a rinneadh an earcaíocht orthu.

Bhí béim ar leith i rith na bliana ar anailís ar shonraí agus ar bhreacadh na dtorthaí ón staidéar ar fad a bhí á dhéanamh faoi chonradh an NICHD.

Bhí rath ar an iarratas maidir le hathnuachan go ceann trí bliana eile ar an gconradh ón NICHD. Ligfidh sin dúinn leathnú a dhéanamh ar an gclár taighde i gcomhar faoi anchuma ó bhroinn agus antorthaí toirchis eile. Bhronn léirmheastóirí dár gcomhleithéidí marcanna an-ard ar an aighneacht a cuireadh faoi bhráid agus síníodh conradh dar luach US\$4.3 milliún. Fágfaidh an ciste sin gur féidir ochtar taighdeoir sa bhreis a cheapadh ar an bhfoireann.

Tá sé ar cheann de na príomhchuspóirí ag an rannóg clár taighde epidéimeolaíochta maidir le sláinte an linbh a thabhairt chun cinn, a bhainfeadh go háirithe le leanaí na hÉireann agus a dhíreodh i dtosach ar cheithre ábhar sonracha: éifeachtúlacht na gclár sláinte poiblí ag seachaint LFN trí úsáid aigéid fhólaigh, scrúdú ar éagsúlacht maidir le aicme sóisialta i gcás bás naíonán agus linbh, gortuithe do leanaí, agus monatóireacht ar na slata tomhais is tábhachtaí sna staitisticí maidir le sláinte an linbh.

Chuidigh réamhphlé le daoine atá ag obair i réimse shláinte an linbh (mar shampla, an Clár Bearta do Leanaí atá á rith ag Feidhmeannas na mBord Sláinte, an Oifig Náisiúnta Leanaí, Institiúid na Sláinte Poiblí in Éirinn, Ranna Shláinte an Phobail sna Boird Sláinte) le soiléiriú a dhéanamh ar an ord tábhachta don chlár taighde atá beartaithe.

Caidreamh agus méadú ar chumas

Nuair atá baint ag taighde le daoine agus tionchar aige orthu, ní féidir an tábhacht le caidreamh agus méadú ar chumas a mheas faoi bhun an chirt. Bhí caidreamh rialta ann leis an Irish Association for Spina Bifida and Hydrocephalus, altraí sláinte poiblí, an Central Remedial Clinic, an Northern Ireland Association for Spina Bifida and Hydrocephalus, an UK Association for Spina Bifida and Hydrocephalus, an Scottish Association for Spina Bifida and Hydrocephalus, an Dublin Cleft Centre agus an Cleft Lip and Palate Association of Ireland.

D'fhreastail baill foirne ón rannóg chomh maith ar Chruinniú Cinn Bhliana an Association for Spina Bifida and Hydrocephalus (Ireland) agus ar chruinnithe réigiúnacha ag altraí sláinte poiblí.

D'fhonn bonn a chur faoin gclár oibre, rinneadh leasuithe ar na lámhleabhair oibriúcháin do Staidéar Géiniteach na hÉireann ar LFN agus ar Staidéar Géiniteach na hÉireann ar an mBearna Mhíl. Rinneadh athbhreithniú agus leasú chomh maith ar na prótacail agus ar na treoirínte maidir le seiceáil sonraí, anailís ar shonraí, ceilt ainmneacha, agus critéir a thabhairt san áireamh nó a choinneáil as an áireamh.

Foilseacháin

Is é foilsíú thorthaí na taighde in irisí eolaíoch leighis idirnáisiúnta den scoth an príomhshlat tomhais ar thoradh an chlár taighde. Cuireadh cúig pháipéar taighde faoi bhráid d'fhonn a bhfoilsithe i rith na bliana: foilsíodh trí cinn acu cheana féin agus tá péire á meas.

O'Leary VB, Mills JL, Kirke PN, Parle-McDermott A, Swanson DA, Weiler A, Pangilinan F, Conley M, Molloy AM, Lynch M, Cox C, Scott JM agus Brody LC (2003) Analysis of the human folate receptor β gene for an association with neural tube defects. *Molecular Genetics and Metabolism*, 79: 129–133.

Parle-McDermott A, Mills JL, Kirke PN, O'Leary VB, Swanson DA, Pangilinan F, Conley M, Molloy AM, Cox C, Scott JM agus Brody LC (2003) Analysis of the MTHFR 1298A \rightarrow C and 677 \rightarrow T polymorphisms as risk factors for neural tube defects. *Journal of Human Genetics*, 48: 190–193.

Parle-McDermott A, McManus EJ, Mills JL, O'Leary VB, Pangilinan F, Cox C, Weiler A, Molloy AM, Conley M, Watson D, Scott JM, Brody LC agus Kirke PN (2003) Polymorphisms within the vitamin B12 dependent methylmalonyl-coA mutase are not risk factors for neural tube defects. *Molecular Genetics and Metabolism*, 80: 463–468.

Kirke PN, Mills JL, Molloy AM, Brody LC, O'Leary VB, Daly L, Murray S, Conley C, Mayne PD, Smith O agus Scott JM (2003) A single polymorphism (MTHFR C677T) puts half of the population at increased risk of neural tube defects: case-control study. *Curtha isteach d'fhonn a fhoilsithe.*

Parle-McDermott A, Mills JM, Kirke PN, Cox C, Signore CC, Kirke S, Molloy A, O'Leary VB, Pangilinan FJ, O'Herlihy C, Brody LS agus Scott JM (2003) The MTHFD1 R653Q polymorphism is a maternal genetic risk factor for severe abruptio placentae. *Curtha isteach d'fhonn a fhoilsithe.*

Kirke PN and McKeever MP (2003) Update on the genetic study of spina bifida and other neural tube defects. *LINK – the magazine of the UK Association for Spina Bifida and Hydrocephalus, Eanáir.*

Kirke PN and McKeever MP (2003) Update on the genetic study of spina bifida and other neural tube defects. *LINK – the magazine of the UK Association for Spina Bifida and Hydrocephalus, Meitheamh.*

Cur i láthair maidir le taighde

- Kirke PN, Mills JL, Molloy AM, Brody LC, O'Leary VB, Parle-McDermott A, Daly L, Murray S, Mayne PD, Smith O, Cox C agus Scott JM (2003) Increased risk of neural tube defects associated with heterozygosity for the methylenetetrahydrofolate reductase C677T mutation. Cur i láthair ag an 20th All-Ireland Social Medicine Meeting. Newcastle Co an Dúin, Aibreán 2003.

Cur i láthair ar iarratas

- Kirke PN (2003) The Irish genetic study of orofacial clefts: background, objectives and preliminary results. Cur i láthair leis an Dublin Cleft Centre Meeting. Baile Átha Cliath, Eanáir 2003.
- Lynn E (2003) The Irish genetic study of orofacial clefts: recruitment and methodology. Cur i láthair leis an Dublin Cleft Centre Meeting. Baile Átha Cliath, Eanáir 2003.
- Kirke PN (2003) The Irish genetic study of spina bifida and other neural tube defects. Cur i láthair le haltraí sláinte poiblí, Limistéar Cúram Pobail na Gaillimhe. Gaillimh, Eanáir 2003.
- Kirke PN (2003) The Irish genetic study of spina bifida and other neural tube defects. Cur i láthair le haltraí sláinte poiblí, Limistéar Cúram Pobail Mhaigh Eo. Caisleán an Bharraigh, Feabhra 2003.



Bunachair Sonraí maidir le Míchumas

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana leis an dá bhunachar sonraí náisiúnta maidir le pleanáil seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil (BSNMI) agus an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Fisiciúil agus Céadfaíoch (BSNMFC).

Mar ab ionann agus blianta roimhe seo, chuidigh an rannóg le húsáid fhorleathan na mbunachar sonraí ag taighdeoirí aitheanta d'fhonn a gcuid feidhmeanna taighde, polasaí agus pleanála a chur chun cinn.

Bhí siad seo a leanas i measc bhearta na rannóige:

- Tús forbartha ar bhunachar sonraí don BSNMFC a oibríonn ar an ngréasán d'fhonn cuidiú le soláthar eolais a bheith ar fáil ar an toirt ag úsáideoirí údaraithe
- Eagraíodh comórtas ealaíne i gcomhar le Cónaidhm Náisiúnta na nEagraíochtaí Deonacha maidir le dearadh na Tuarascála Bliantúla don bhliain 2003ag an BSNMI.
- Bhí soláthar sonraí ardchaighdeáin i mí Meitheamh 2003 de thoradh ar leasú a rinneadh ar bhunachar sonraí an BSNMI

An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Fisiciúil agus Céadfaíoch (BSNMFC)

Tá sonraí á gcnuasach don BSNMFC sna boird sláinte ar fad agus san ERHA, agus roinnt de na boird sláinte ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir leis an sprioc réigiúnach iomlán a bhaint amach faoi dheireadh na bliana. Rinneadh bearta i rith na bliana d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbunachar sonraí seo. Socraíodh bunachar sonraí lárnach a oibríonn ar an ngréasán a chur le chéile ionas go bhféadfadh an t-eolas reatha a bheith ar fáil ar an toirt ag úsáideoirí údaraithe. Faoi dheireadh na bliana, bhí an bogearra dréachtaithe agus tástáilte agus sin le páirt iomlán ag na príomhghceallsealbhóirí ann.

D'oibrigh an Rannóg le Grúpa Oibre de chuid Choiste an BSNMFC ag tabhairt faoi shuirbhé ilghnéitheach maidir le sástacht an chustaiméara d'fhonn a chinntiú go ndéanann an BSNMFC freastal ar riachtanais na ngeallsealbhóirí ar fad. Tá tuairisc ar an tsuirbhéireacht sin á hullmhú.

Tá Grúpa Oibre eile de chuid Choiste an BSNMFC ag féachaint le slat tomhais cuí maidir le cumas agus feidhmiú dhaoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil agus céadfaíoch a shonrú. Rinneadh tástáil phiolóiteach ar an tslat tomhais maidir le cumas agus feidhmiú ar thángthas uirthi le fócasghrúpaí i mí Meán Fómhair agus déanfar tuilleadh meastóireachta uirthi go luath sa bhliain 2004.

An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil (BSNMI)

I rith na bliana 2003, cuireadh na tuarascálacha bliantúla maidir leis an mbunachar do na blianta 2001 agus 2002 le chéile agus foilsíodh iad. Tugtar tuairisc sna tuarascálacha sin ar a oiread agus a fhreastalaíonn na sainseirbhísí sláinte atá ann cheana ar riachtanais an phobail agus aithnítear iontu an leibhéal riachtanais a mheastar a bheith leis na seirbhísí sin.

Sa bhliain 2003, foilsíodh sraith d'achoirní saindirithe, ceann ar leith maidir le gach bord sláinte chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil. Tá díolaim iomlán táblaí ón tuarascáil bhliantúil i ngach achoimre ag tagairt don bhord sláinte ábhartha.

Eagraíodh comórtas maidir le dearadh an chlúdaigh do Thuarascáil Bhliantúil na bliana 2003 i gcomhar le Cónaidhm na nEagraíochtaí Deonacha a chuireann Seirbhísí ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain na hEorpa Dhaoine faoi Mhíchumas. Bhí glacadh chomh maith leis an tionscnamh go dtarlódh sé gach bliain as seo amach.

Chuir an rannóg na leasuithe aontaithe ar an BSNMI don bhliain 2003 i bhfeidhm agus bhí sin tugtha chun críche sa chéad ráithe den bhliain. Bhain soláthar oiliúna d'úsáideoirí maidir le cnuasach sonraí agus úsáid bogearra leis sin. Rinneadh feabhsú suntasach ar fheidhm sheiceáil ionracais an bhunachair sonraí agus bhí soláthar sonraí d'ardchaighdeán de thoradh air sin i mí Meitheamh 2003. Ba í seo an chéad bhliain inar chuir na boird sláinte ar fad a gcuid sonraí faoi bhráid in am rud a chuireann an-fheabhas ar chumas na rannóige tuarascálacha an bhunachair sonraí a fhoilsiú in am tráth.

Bhí modúl tuairiscí cuimsitheacha a fhorbairt ar cheann de na príomhthascanna a leag an rannóg roimpi don bhliain 2003. Cuireadh an modúl sin i bhfeidhm i mí Deireadh Fómhair 2003. Aimsíodh pacáiste nua tuairiscíochta chomh maith atá níos fearr ná an ceann roimhe agus cuireadh clár oiliúna náisiúnta le chéile don fheidhmchlár sin agus soláthraíodh do gach úsáideoir ar bhogearra BSNMI é.

Caidreamh agus méadú ar chumas

Thapaigh an rannóg gach deis na bunachair sonraí mhíchumais a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear i rith na bliana 2003. Tugadh faoi staidéar i gcomhar in éineacht leis an Scoil Altranais in Ollscoil Chathair Átha Cliath d'fhonn leibhéal chumais agus feidhme a mheas i ndaoine faoi mhíchumas fisiciúil agus céadfaíoch. Tá glactha leis an staidéar sin, a bunaíodh ar shonraí a cnuasaíodh le linn chur i bhfeidhm an BSNMFC ar bhonn píolóiteach, d'fhonn a fhoilsiú go gairid in eagrán den iris *Disability and Rehabilitation*, ar iris faoi léirmholtóireacht ár gcomhleithidí í.


I rith an dara leath den bhliain, bhí páirt ag an Rannóg in eagrú an 2004 World Congress ag an International Association for the Scientific Study of Intellectual Disability (IASSID) a bhfuil an Rannóg ina ball den Scientific Advisory Board ann. Chuir an Rannóg le chéile siompóisiam de thrí pháipéar chomh maith leis na trí pháipéar aonair a chuirfeadh i láthair ag an World Congress. Tá cúig cinn de na sé pháipéar bunaithe ar eolas ón BSNMI.

Foilseacháin

Gallagher P agus Mulvany F (ag na clódóirí) Levels of ability and functioning: Using the WHODAS II in an Irish context. *Disability and Rehabilitation*.

Mulvany F (2003) *National Intellectual Disability Database Committee Annual Report 2001*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Mulvany F agus Barron S (2003) *National Physical and Sensory Disability Database Committee Annual Report 2002*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.



Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí

Dhírigh an Rannóg Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (RTMD) ar sholáthar thaighde den scoth agus ar thuarisciú eolais den chruinneas as córais eolais dea-bhainistithe i rith na bliana 2003.

Baineadh sin amach agus baineadh leas as toradh na hoibre mar bhonn le taighde agus pleanáil seirbhíse in Éirinn agus san Eoraip. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ag cur le clú an Ionaid Náisiúnta Doiciméadúcháin maidir le hÚsáid Drugaí (IND).

Bhí siad seo a leanas i measc bhuaicphointí na bliana 2003:

- Leasaíodh an Córas Tuairiscíochta Náisiúnta maidir le Cóireáil Drugaí d'fhonn eolas a chur ar fáil maidir le teacht ar chóireáil agus figiúirí a chur ar fáil maidir le cóireáil i gcás mhí-úsáid alcóil ón mbliain 2004 ar aghaidh.
- Foilsíodh tuarascáil faoi na claonta maidir le mí-úsáid drugaí in Éirinn idir na blianta 1996 agus 2000.
- Foilsíodh trí eagrán den nuachtiris *Drugnet Ireland*.
- D'eagraigh an IND an 15ú comhdháil bhliantúil den European Library and Information Services on Alcohol and Drugs
- Rinneadh cur i láthair maidir le taighde ag 12 comhdháil thar lear.

Córas Tuairiscíochta Náisiúnta maidir le Cóireáil Drugaí (CTNCD)

Tugtar le chéile sa chóras tuairiscíochta seo eolas maidir le cóireáil ar chásanna mhí-úsáid drugaí arna chur faoi bhráid ag na boird sláinte ar fad. Baintear úsáid as na sonraí sin ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach d'fhonn eolas a chur ar fáil maidir le tréithe na gcliant a théann faoi chúrsa cóireála, agus ar phátrúin maidir le mí-úsáid drugaí, mar shampla cineálacha na ndrugaí a úsáidtear agus nósanna a gcaite. Baintear leas as eolas ón CTNCD i gcúrsaí polasaí agus pleanála maidir le drugaí go háitiúil agus go náisiúnta.

- I rith na bliana 2003, cuireadh feidhmchlár ríomhaireachta le chéile d'fhonn feabhas a chur ar chineál na sonraí a chuirtear isteach.
- Foilsíodh tuarascáil faoi chlaonta maidir leis an mhí-úsáid drugaí ar cuireadh cóireáil ar dhaoine ina thaobh idir na blianta 1996 agus 2000.
- Leasaíodh an córas tuairiscíochta i rith na bliana 2003 d'fhonn slata tomhais a chuimsiú ann a bhaineann leis an teacht atá ar chóireáil maidir le mí-úsáid alcóil agus líon na ndaoine atá ag lorg cóireála; beidh an córas tuairiscíochta leasaithe i bhfeidhm ón mbliain 2004 ar aghaidh.

European Monitoring Centre for Drugs and Drug Addiction (EMCDDA)

Is é an RTMD an Pointe Comhtheagmhála oifigiúil in Éirinn don European Information Network on Drugs and Drug Addiction arna comhordú ag an European Monitoring Centre for Drugs and Drug Addiction (EMCDDA). Is cuid straitéiseach d'obair na rannóige í an rannpháirtíocht san EMCDDA. Bhí seo a leanas i measc obair na bliana:

- Ullmhú thuarascáil náisiúnta ar chás na ndrugaí in Éirinn don EMCDDA
- Coimeád agus forbairt ar sciar na hÉireann den European Database on Demand Reduction Activities (EDDRA) ag an EMCDDA
- Forbairt leanúnach ar na cúig phríomhtháscairè eipidéimeolaíochta maidir le mí-úsáid drugaí atá ann cheana, d'fhonn feabhas a chur ar na foinsí sonraí náisiúnta agus ar a inchomparáide agus atá siad le sonraí de chuid na hÉireann agus an AE
- Cuidiú le ceistiúchán struchtúrtha nua a chur le chéile maidir le malairt roghanna seachas príosúntacht i gcás chiontóirí a úsáideann drugaí
- Obair leanúnach in éineacht leis an EMCDDA agus Pointí Comhtheagmhála eile maidir le táscairí nua ar mhí-úsáid drugaí a cheapadh agus socrú maidir le réimsí nua taighde.

Ionad Náisiúnta Doiciméadúcháin maidir le hÚsáid Drugaí (IND)

Fágann an IND go bhfuil teacht ar thoradh an taighde agus ar an eolas reatha agus ábhartha ar fad i réimse an mhí-úsáid drugaí in Éirinn. Bhain lucht polasaí, lucht gairme sláinte, lucht taighde, na meáin chumarsáide agus daoine den phobal úsáid as an acmhainn fhiúntach seo i rith na bliana. Bhí suntas i rith na bliana 2003 leo seo a leanas:

- Aistríodh ceithre chéad cáipéis taighde Éireannach ó na cruachóipeanna bunúsacha agus cuireadh le bunachar leictreonach an IND ar an ngréasán iad.
- Tá 2,000 imleabhar (níos mó ná 1,500 saothar ar leith) i gcnuasach na leabharlainne faoi seo.
- Phléigh an IND le níos mó ná 700 fiosrúchán ar leith i rith na bliana 2003 ar ríomhphost, ar an fón agus ar an bpost.
- Bhí 283 cláraithe d'fhonn láithreán gréasáin an IND a úsáid ag deireadh na bliana 2003.
- D'eagraigh an tIonad comhdháil mhór idirnáisiúnta do shaineolaithe eolais ar ar fhreastail ionadaithe as 18 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.
- Toghadh baill d'fhoireann an IND mar oifigigh san European Library and Information Services on Alcohol and Drugs agus san Irish Health Sciences Library Group.

Caidreamh agus méadú ar chumas

Táthar díograsach maidir le clár gníomhach caidrimh de bharr a riachtanaí agus atá sé oibriú in éineacht le háisinteachtaí Éireannacha d'fhonn díriú ar na príomhriachtanaisí eolais i réimse an mhí-úsáid drugaí in Éirinn. Ghlac baill d'fhoireann an RTMD páirt in obair réimse leathan de choistí agus de ghrúpaí oibre náisiúnta agus réigiúnacha, ina measc:

- An Coiste Comhairleach Náisiúnta maidir le Drugaí agus a chuid fo-choistí
- Coiste Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Drugaí i gcúrsaí Sláinte, An Roinn Sláinte agus Leanáí
- Grúpa Stiúrtha an Gharda Síochána maidir le húsáid codlaidíní agus bearta coiriúlachta dá leithéid in Éirinn
- Grúpa Leabharlanna Eolaíocht Sláinte na hÉireann



Cuireann méadú ar an eolas agus ar an saineolas leis an gcumas náisiúnta. Chuir an rannóg dhá aighneacht scríofa faoi bhráid a dtáinig polasaithe faoina n-anáil:

- Staitisticí maidir le coiriúlacht a bhfuil baint ag drugaí leis a cuireadh ar fáil do ghrúpa saineolaithe a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Moltaí tábhachtacha maidir le clár oibre an Choiste Comhairleach Náisiúnta maidir le Drugaí san am atá ag teacht.

I gcúrsaí na hEorpa, bhí an rannóg páirteach ag cur sainchomhairle ar fáil acu seo a leanas:

- Níos mó ná 10 gcruinniú saineolaithe de chuid an EMCDDA
- An gréasán Eorpach maidir le Seachaint VEID agus Heipitíteas i bPríosúin
- Cruinniú den Ghrúpa Pompidou maidir le héileamh ar chóireáil
- An cruinniú saineolaithe de chuid na NA, EMCDDA agus an Ghrúpa Pompidou faoi tháscairí maidir le héileamh ar chóireáil agus an comhar idirnáisiúnta maidir le eipidéimeolaíocht mhí-úsáid drugaí

Foilseacháin

O'Brien M, Kelleher T, Cahill P, Kelly F agus Long J (2003) *Trends in treated drug misuse in the Republic of Ireland, 1996 to 2000*. Páipéar Ócáidíúil Uimh. 9. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Rannóg Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2003) *Ireland: Drug Situation 2002*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Rannóg Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2003) *Drugnet Ireland*. Eagrán 7, Feabhra 2003. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Rannóg Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2003) *Drugnet Ireland*. Eagrán 8, Meitheamh 2003. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Rannóg Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2003) *Drugnet Ireland*. Eagrán 9, Samhain 2003. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Cur i láthair

- Fear and Denial: How prisoners cope with risk of or diagnosis with Hepatitis C. Cur i láthair ar phóstaer leis an 13th All-Ireland Social Science and Medicine Meeting. Newcastle, Co an Dúin, Aibreán 2003.
- Hepatitis C and tattooing in prison. Cur i láthair ar phóstaer leis an Hepatitis C Past, Present and Future International Conference. Baile Átha Cliath, Bealtaine 2003.
- Fear and Denial: How prisoners cope with risk of or diagnosis with Hepatitis C. Cur i láthair ar phóstaer leis an Hepatitis C Past, Present and Future International Conference. Baile Átha Cliath, Bealtaine 2003.
- Prisoners' views of injecting drug use and harm reduction in Irish prisons. Cur i láthair ó bhéal leis an European Network of Drug Services in Prison 7th International Conference. An Róimh, Bealtaine 2003.
- Fear and Denial: how prisoners cope with risk of or diagnosis with hepatitis C. Cur i láthair ar phóstaer leis an European Network of Drug Services in Prison 7th International Conference, An Róimh, Bealtaine 2003.
- Prevalence: A key indicator of drug use for national and European needs. Cur i láthair ó bhéal le comhdháil maidir le leitheadúlacht arna eagrú ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta maidir le Drugaí. Baile Átha Cliath, Bealtaine 2003.
- Drugs, Crime and Community – Monitoring quality of life in the north inner city. Cur i láthair ó bhéal le comhdháil an North Inner City Drugs Task Force maidir le coiriúlacht sa phobal a bhaineann le drugaí. Baile Átha Cliath, Meitheamh 2003.
- The 'Bradshaw Report': 20 years on. Cur i láthair ó bhéal leis an Elisad Conference. Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2003.
- Research methods on drug misuse. Cur i láthair ó bhéal leis an Elisad Conference. Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2003.
- Costs and benefits of harm reduction in Irish prisons. Cur i láthair ó bhéal le comhdháil maidir le úsáid drugaí i bpríosúin: athbhreithniú ar chás na hEorpa agus malartú taithí dea-chleachtais. Vársá, Meán Fómhair 2003.
- The role of an EDDRA manager at national level: the Irish experience. Cur i láthair ó bhéal le cruinniú do chomhordaitheoirí EMCDDA EDDRA. Liosbóin, Nollaig 2003.
- An overview of the prevalence of and risk factors for blood-borne viruses in Irish prisons. Cur i láthair ó bhéal ag an Conference to Examine HIV/AIDS and Hepatitis C in Prisons. Baile Átha Cliath, Nollaig 2003.

Taighde maidir le Sláinte Mheabhrach

Tugadh isteach roinnt tionscnamh nua i rith na bliana 2003 chomh maith leis an obair leanúnach maidir le taighde agus coimeád an Chóras Tuairiscíochta Náisiúnta maidir le Othair Chónaitheacha Shiciatracha (CTNOCS). Bhí aitheantas i gcónaí do shaineolas taighde na rannóige trí ionadaíocht ar roinnt coistí comhairle taighde agus iarratais maidir le cáipéisí polasasaí a chur faoi bhráid.

Tionscnaimh nua

Eagraíodh roinnt cruinnithe ardleibhéil d'fhonn na riachtanaisí maidir le heolas agus le taighde atá ag lucht clinice agus bainistíochta i réimse na sláinte Mheabhrach a chinntiú d'fhonn leathnú a bheartaítear ar an gclár taighde a dhéanamh ina fhianaise sin. Tháinig ní amháin chun cinn go rialta ag díriú ar an ngá le sonraí maidir le bearta siciatracha pobail a chnuasach ar bhealach córasach. Ina fhianaise sin, cuireadh feidhmchlár ríomhaireachta maidir le cúram pobail le chéile d'fhonn tuairisc a choinneáil ar bhearta sna seirbhísí siciatracha pobail.

Cuireadh tús le staidéar nua maidir le hiontrálacha ainneonacha in ospidéal agus aonaid shiciatracha ar fud na tíre. Tá sin á dhéanamh thar ceann an Choimisiún Sláinte Mheabhrach.

An Córas Tuairiscíochta Náisiúnta maidir le Othair Chónaitheacha Shiciatracha (CTNOCS)

Lean an CTNOCS ag cur sonraí náisiúnta ar fáil do lucht acadúlachta agus do sholáthróirí seirbhíse ar mhaithe le taighde agus polasaí. Bhí siad seo a leanas i measc na nithe ba mhó suntais maidir leis an togra:

- Cuireadh módúil bheise de bhunachar sonraí an CTNOCS le Córas Eolais na Sláinte Poiblí, ag cur leis an dream a bhfuil teacht acu ar shonraí CTNOCS.
- Thosaigh líon níos mó de na hionaid siciatracha a chuireann sonraí ar ais chuig an CTNOCS ag úsáid Córas Riarachán Othar leictreonach an BTS. Bhí sonraí ar ais níos luaithe agus ar bhealach níos éifeachtaí dá bharr sin.
- Cuireadh clár oiliúna ar fáil do níos mó ná 100 ball foirne de chuid na mbord sláinte ar fud na tíre. Bhí feabhas suntasach dá bharr chomh maith ar chaighdeán agus ar thráthúlacht an eolais a bhí ag teacht isteach do bhunachar sonraí an CTNOCS.
- Eagraíodh cruinnithe le geallsealbhóirí d'fhonn úsáid an CTNOCS mar dheis taighde, polasaí agus pleanála a chur chun cinn.
- Éiríodh as cláir na gcás siciatracha contae de bharr torthaí iniúchta a chur i bhfeidhm.
- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an CTNOCS i rith na bliana 2003 chomh maith le ocht gcinn de Bulletins ina dtugtar torthaí CTNOCS i gcás gach bord sláinte faoi seach.

Caidreamh agus méadú cumais

Lean an RTSM ag obair leis an nGrúpa Slata Tomhais Náisiúnta maidir le hObair Sláinte Mheabhrach a bhaineann leis an Roinn Sláinte agus Leanáí. Cuireadh liosta le chéile de bhoird sláinte ar mian le leas a bhaint as seirbhísí an BTS maidir le tuairisciú ar shlata tomhais na hoibre i réimse an tsláinte mheabhrach.


Tugadh roinnt tionscnamh i gcomhar chun cinn d'fhonn nósanna imeachta níos caighdeánaithe maidir leis an mbunachar sonraí agus le malartú eolais leis na rannóga eile a oibríonn córais eolais taobh sa BTS a bhaint amach. Chuir sin leis an gcomhoibriú eadar-rannógach.

Rinneadh leas suntasach maidir le méadú ar an gcumas go náisiúnta trí mholtaí maidir le straitéisí. Cuireadh aighneachtaí faoi bhráid maidir le:

- Plean Gnímh maidir le hEaspa Dídine i mBaile Átha Cliath 2004-2006
- Slite ina dtarlaíonn Iontráil Ainneonach in Ospidéal agus Aonaid Siciatracha (An Coimisiún Sláinte Mheabhrach)
- Staidéar maidir le Cónaí Othar Shiciatrach sa Phobal (An Coimisiún Sláinte Mheabhrach)

Bhí baill foirne de chuid na rannóige páirteach in obair na gcoistí seo a leanas:

- An Grúpa Náisiúnta Slata Tomhais maidir le Sláinte Mheabhrach
- An Grúpa Oibre maidir le Seirbhís Shiciatrach do Leanáí agus d'Ógánaigh
- Ballraíocht Ghrúpa Comhairleach Taighde – An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, an tSeirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta
- Grúpa Straitéis Theicneolaíocht an Eolais an ERHA



Foilseacháin

Hickey T, Moran R agus Walsh D (2003) *Psychiatric Day Care – An underused option?* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus Walsh D (2003) *Activities of Irish Psychiatric Services 2002*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus CTNOCS Team (2003) NPIRS Bulletins 2002. Ceann i leith gach bord sláinte. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus Walsh D (2003) *Activities of Irish Psychiatric Services 2001*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus CTNOCS Team (2003) NPIRS Bulletins 2001. Ceann i leith gach bord sláinte. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Keogh F, Finnerty A, O'Grady Walshe A, Daly I, Murphy D, Lane A agus Walsh D (2003) Meeting the needs of people with schizophrenia living in the community: a report from a European collaboration. *Irish Journal of Psychological Medicine*, 20(2): 45–51.

Corcoran E agus Walsh D (2003) Obstructive asphyxia: a cause of excess mortality in psychiatric patients. *Irish Journal of Psychological Medicine*, 20(3): 88–90.

Kelly B, Walsh D, Feeney L, O'Callaghan E, Browne R, Byrne M, Mulryan N, Scully A, Morris M, Kinsella A, Takei N, McNeil T agus Larkin C (ag na clódóirí) Obstetric Adversity and Age at First Presentation in Schizophrenia: Evidence of a Dose-Response Relationship. *American Journal of Psychiatry*.

Kelly B, Walsh D, Cotter D, Denihan C, Larkin D, Murphy P, Kinsella A, Waddington J, Larkin C, O'Callaghan E agus Lane A (ag na clódóirí) Neurological soft signs and dermatoglyphic anomalies in twins with schizophrenia. *European Psychiatry*.

Thiselton DL, Webb BT, Neale B, Ribble RC, O'Neill FA, Walsh D, Riley BP agus Kendler K (ag na clódóirí) No evidence for linkage or association of Neuregulin-1 (NRG1) with disease in the Irish study of high density schizophrenia families.

Fanous A, Van den Ord E, Riley B, Aggen SH, Neale MC, O'Neil A, Walsh D agus Kendler K (ag na clódóirí) A high risk Haplotype in the Dystrobrevin-1 Binding Protein Gene (DTNBP1) is associated with negative symptoms of schizophrenia. *American Journal of Psychiatry*.

Cur i láthair maidir le taighde

Walsh D. Psychiatric Resources and Services Ireland 1963–2003. Cur i láthair ó bhéal ag Comhdháil Mental Health Ireland. Dún Dealgan, Bealtaine 2003.

Moran R. The role of the MHRD in provision of performance indicators in the mental health area. Cur i láthair leis an nGrúpa Náisiúnta Slata Tomhais maidir le Sláinte Mheabhach, Uair sa Ráithe i rith na bliana 2003.

Seirbhísí Corparáideacha

Tugadh réimse leathan tionscnamh chun cinn i rith na bliana 2003 d'fhonn feabhas a chur ar an acmhainn oibriúcháin agus d'fhonn tuilleadh follasachta a chothú ar fud na heagraíochta.

Bhí siad seo a leanas i measc na bpríomh-bhuaicphointí:

- Córas iniúchóireachta inmheánach a thabhairt isteach
- Nósanna imeachta maidir le heitic i gcúrsaí taighde an BTS a chur ar bhonn foirmeálta
- Ullmhúchán do chur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise sa BTS
- Athchóiriú suntasach ar chóiríocht oifige an BTS agus aistriú oifigí
- Feabhsú ar ghréasán an BTS chomh maith le cosaint an ghréasáin agus modhanna ceangail teile-oibre agus cianoibre
- Formáid nua do chuntais bhainistíochta chorparáideacha mhíosúla a thabhairt isteach

Tugadh seirbhís iniúchóireachta inmheánach chun cinn ar bhain cairt maidir le hiniúchóireacht inmheánach a dhréachtadh leis chomh maith le dréachtchlár baoil a ullmhú. Ceapadh saineolaí airgeadais ar an gCoiste Iniúchóireachta agus cuireadh rólanna agus freagrachtaí an choiste i gcrích trí chlár oiliúna cuimsitheach.



Ag teacht leis an sárchleachtas go hidirnáisiúnta, cuireadh lámhleabhar polasaí agus gnásanna maidir le heitic an taighde le chéile mar áis do thaighdeoirí agus iad ag cur moltaí faoi bhráid d'fhonn a mbreithniú ag Coiste Eitic Thaighde an BTS. D'aontaigh an Coiste Eitic Thaighde leis an lámhleabhar agus ghlac an Bord leis.

Cuireadh foireann feidhme ar bun d'fhonn teacht le riachtanaisí na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Bhí siad seo a leanas i measc na bpríomhthorthaí a raibh súil leo ar shaothar an ghrúpa:

- Lámhleabhar 'Alt 15' a thabhairt chun críche agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le lámhleabhar 'Alt 16', dhá threoirleabhar d'fhonn cuidiú leis an bpobal teacht ar eolas ón BTS
- Comhordú ar oiliúint maidir le Saoráil Faisnéise ar an bhfoireann ar fad
- Ceapadh lucht cinnte agus lucht athbhreithnithe maidir le cúrsaí Saoráil Faisnéise
- Réiteach agus sonrú polasaí agus bhunachar sonraí maidir le taifid bhainistíochta

Rinneadh an t-athchóiriú ar an taobh istigh d'oifig an BTS ag 73 Sráid Bhagóid Íochtarach, foirgneamh liostáilte ó ré Sheoirse, in am, ar chaighdeán ard agus taobh istigh den bhuiséad. Rinneadh aistriú na foirne agus na n-áiseanna go sásúil, gan caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a threascairt, agus gan mórán am oibre a chailleadh ná cur isteach ar an tseirbhís.

Leanadh d'fheabhsú ar chrua-earra agus ar bhogearra TE i rith na bliana 2003 d'fhonn cur le hacmhainn na gcóras agus é a chosaint. Cinntíodh go raibh an BTS bord ar bhord leis na tréithe TE is deireanaí trí oiliúint leanúnach ar an bhfoireann.

Lean an fhoireann Airgeadais ag cur seirbhíse sainiúla ar fáil don eagraíocht agus ag cur leis an gcaighdeán, rud a raibh tuairisc iniúchóireachta gan locht ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de thoradh air sa bhliain 2003. Bhí siad seo a leanas i measc phríomhghnéithe na hoibre:

- Leagadh amach formáid nua do chuntais bhainistíochta chorparáideacha mhíosúla ar aontaigh an Coiste Iniúchóireachta leis maidir le tuairisciú don Bhord.
- Cuireadh iniúchóireacht airgeadais i gcrích ar na gnásanna bainistíochta maidir le cistí taighde i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Chathair Átha Cliath agus an tAonad Taighde maidir le Stádas Sláinte agus Feabhsú Sláinte i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- Rinneadh athbhreithniú ar thuarascála airgeadais maidir le caiteachas taighde arna airgeadú ag Taighde agus Forbairt ar mhaithe leis an tSláinte.
- Aimsíodh córas éileamh costais ríomhaireachta a tháinig le riachtanaisí an BTS agus cuireadh i bhfeidhm é.
- Chuir an fhoireann Airgeadais feidhmíocht íocaíochtaí an Bhunachair Sonraí Deontas le chéile agus rinneadh tástáil maidir lena úsáid.
- Cuireadh sainchomhairle agus sainchúnadh airgeadais ar fáil do rannóga an BTS nuair a bhíodhas ag tabhairt faoi bhearta speisialta nó as an ngnách.

Acmhainní Daonna

Bhí an BTS sa trian is airde i measc eagraíochtaí dá leithéid in Éirinn de réir suirbhé ar an lucht foirne.

Cuireadh bonn le córas a thabharfar isteach ar fud na heagraíochta maidir le bainistíocht ar an gcruithú san obair agus a thabhairt chun cinn. Bhí rath ar an tástáil phiolóiteach air sin ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus d'aontaigh gach ball foirne plean forbartha ar leith maidir leo féin. Cuireadh scéim maidir le breithniú ar chruthú an phríomhfheidhmeannaigh san obair faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí d'fhonn a aontú.

Dréachtaíodh straitéis acmhainní daonna don eagraíocht. Tionscnaíodh polasaithe agus nósanna imeachta maidir le disciplín, réiteach fadhbanna, forbairt le linn na gairmré, oiliúint, forás pearsanta, breis oideachais agus próisis earcaíochta agus roghnaithe. Rinneadh dul chun cinn suntasach chomh maith maidir le clár cúnaimh d'fhostaithe a chur ar bun.

Is gné lárnach d'fhorbairt na foirne agus na heagraíochta í an oiliúint. D'fhonn treisiú leis sin, d'fhreastail na bainisteoirí agus an fhoireann ar fad ar cheardlanna maidir le cuspóirí a leagan amach agus pleanáil forbartha aonair a dhéanamh. Glacadh le plean oiliúna de chuid an BTS don tréimhse Iúil 2003 go Meitheamh 2003 agus bhain an fhoireann ar fad leas as roghanna éagsúla, oiliúint, oideachas breise agus an t-ionad foghlama ina measc, ar mhaithe le forbairt

Cumarsáid

Lean an oifig chumarsáide ag cur bonn agus borradh faoi chlú corparáideach an BTS i rith na bliana 2003. Cuireadh cúnaimh leanúnach ar fáil do na rannóga ar fad d'fhonn aird a dhíriú ar dhul chun cinn agus ar bhearta éagsúla trí imeachtaí, seoltaí, tuarascálacha agus caidreamh leis na meáin.

Cuireadh le chéile an chéad phlean ag an eagraíocht maidir leis na meáin chumarsáide. Ba léir chomh maith agus a d'éirigh leis an bplean ó oiread agus chineál na tráchtairachta ar an eagraíocht sna meáin sa tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2003. Bhí os cionn 330 alt sna meáin chlóite, 100,000 ceintiméadar cearnach in iomláine, méid is ionann agus luach €600,000 de spás fógraíochta.

Ba é an BTS an príomhuraí sa bhliain 2003 ag gradaim taighde an *Journal of Medical Science*, ócáid a dhíríonn aird ar an mbuntáiste as taighde sláinte agus as cion na dtaighdeoirí sláinte i saol na hÉireann. Bronnadh roinnt de na gradaim ar thaighdeoirí a raibh ciste acu ón BTS.

Bhí rath chomh maith ar an bpáirt a glacadh i gcomórtas agus i dtaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta ESAT BT na bliana 2003. Ba é seo an chéad uair ag an BTS páirt a bheith aige san imeacht seo agus tharraing an taispeántas an-spéis i dtaighde sláinte ag na rannpháirtithe óga, a gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí.

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003

Ráiteas faoi Chúraimí Chomhaltaí an Bhoird

Tá dlíte ar an mBord de réir an Ordú (Bunú) Bord Taighde Sláinte, 1986, arna leasú, Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais ina dtugtar léiriú fírinneach cóir ar riocht an Bhord Taighde Sláinte agus ar an ioncam agus caiteachas aige ar feadh na tréimhse sin. Maidir le hullmhú na Ráitis Airgeadais sin, tá dlíte ar an mBord:

- polasaithe cuntasáochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá de réir réasúin agus cúraim;
- a rá má leanadh de na caighdeáin chuntasáochta infheidhmithe, taobh amuigh d'aon chás eisceachta ábhartha a nochtáítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnólacht reatha mura mbeadh sé mí-chuí a mheas go leanfaidh an Bord Taighde Sláinte i mbun oibre.

Tá cúram ar an mBord maidir le leabhair chuntas cuí a choimeád, trína nochtáítear ag am ar bith chomh cruinn agus a bheadh réasúnach riocht airgeadais an Bhord Taighde Sláinte agus a chuireann ar a chumas cinntiú go dtagann na Ráitis Airgeadais leis an Ordú. Tá cúram air chomh maith maidir le sócmhainní an Bhord Taighde Sláinte a chaomhnú agus dá réir sin maidir le bearta réasúnacha a dhéanamh d'fhonn calaois nó aon mhí-riar eile a sheachaint nó a thabhairt faoi deara.

Thar ceann an Bhoird

An tOll Desmond Fitzgerald
Cathaoirleach

25 Samhain 2004

An tUas Charlie Hardy
Comhalta de chuid an Bhoird

Ráiteas faoi Rialachas Airgeadais Inmheánach

Admháim, thar ceann Bhord an Bhord Taighde Sláinte gurb orainne atá freagracht deiridh maidir leis an gcóras rialachas airgeadais inmheánach, maidir lena éifeacht a bhreithniú agus maidir le cinntiú go leantar agus go bhfeidhmítear é.

Ceaptar a leithéid de chóras, áfach, d'fhonn bainistiú a dhéanamh ar an mbaol nach mbainfí amach cuspóirí na heagraíochta seachas an baol sin a chur ar neamhní, agus is cinnteacht réasúnach seachas cinnteacht dearfa a chuirtear ar fáil in aghaidh mí-ráiteas ábharach nó cailteanas.

Tá bearta déanta ag an mBord d'fhonn cinntiú go bhfuil réimeas rialaithe cuí ar an bhfód. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais:

- Leagtar béim shoiléir ar chuspóirí eagraíochtúla mar a chinn an Bord sa Straitéis Chorporáideach, tar éis na freagrachtaí reachtúla a mheas.
- Leagtar amach struchtúr eagraíochta léirmhínte agus an deighilt chuí ar dhualgais agus an teorainn chuí le húdarás d'fhonn réimeas rialaithe den rath a chothú.
- Ceadáíonn an Bord buiséid bhliantúla.
- Cuirtear cuntais bhainistíochta mhíosúla faoi bhráid na foirne Bainistíochta agus cuirtear na cuntais bhainistíochta is deireanaí atá ar fáil faoi bhráid an Bhoird ag na cruinnithe sceidealaithe.
- Aontaítear nósanna imeachta léirmhínte maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear cistí taighde, soláthar agus caiteachas caipitil ag leibhéal an Bhoird, arna chinntiú nach dtarlaíonn aon choinbhliocht leasa ann.
- Ullmhaíonn an Bhainistíocht plean gnó in aghaidh na bliana d'fhonn a aontú ag an mBord. Tuairiscíonn an Bhainistíocht leis an mBord ar bhonn leanúnach maidir le hobair gach rannóige agus ar an dul chun cinn i mbaint amach chuspóirí na corparáide agus na rannóga i gcomparáid leis an bplean gnó. Baineann an chaoi a gcruthaítear ó thaobh oibriúcháin agus airgeadais leis na tuairiscí a chinntíonn go scrúdaítear aon imeacht ó bhuiséad agus go dtugtar faoi mar is ceart agus go ndéantar monatóireacht ar obair gach rannóige d'fhonn cinntiú go dtagann siad le cuspóirí eagraíochta an Bhord Taighde Sláinte.
- Bíonn cruinnithe rialta ag an gCoiste Iníúcháireachta, coiste ag leibhéal an Bhoird, ag a bpléitear le ceisteanna rialachais suntasacha. Aontaíonn an Coiste Inniúcháireachta leis na ráitis airgeadais cinn bhliana sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad agus tuairiscíonn na hIníúcháirí Inmheánacha go díreach leis an gCoiste.
- Tá freagracht ar an mBainistíocht maidir le baol suntasach dá gcuid rannóg san eagraíocht a thabhairt faoi deara agus a mheas, chomh maith le rialachas inmheánach oiriúnach a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.
- Tá an fheidhm iniúcháireachta inmheánach curtha ar sheach-chonradh ag an mBord Taighde Sláinte. Ag teacht leis an gCód Sárchleachtais maidir le Rialachán Eagrais Stáit, tuairiscíonn na hIníúcháirí Inmheánacha go díreach leis an gCoiste Iníúcháireachta.

Níor cuireadh athbhreithniú foirmeálta iomlán ar Rialachas Airgeadais Inmheánach i gcrích i rith na bliana 2003 ach déanfar sin i rith na bliana 2004.

Thar ceann an Bhoird

An tOll Desmond Fitzgerald

Cathaoirleach

25 Samhain 2004

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste d'fhonn a leagan os comhair Dhá Thí an Oireachtais

Tá iniúchóireacht déanta agam ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 34 go dtí 46 faoi réir an Ordú (Bunú) Bord Taighde Sláinte, 1986 (arna leasú).

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Leagtar amach freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird maidir le cuntasáocht ar leathanach 31. Tá de chúram ormsa, bunaithe ar an iniúchóireacht, a theacht ar thuairim neamhspleách maidir leis na ráitis airgeadais a cuireadh faoi mo bhráid agus tuairisc a thabhairt orthu.

